**Subh a Dhéanamh**

Tá seastán ag Muintir Mhic Suibhne ag féile an fhómhair agus díolann siad cineálacha difriúla suibhe. Is é subh sméara dubha an subh is mó a bhfuil éileamh air.

Seo iad na comhábhair a úsáideann siad le haghaidh cúig phróca suibhe:

8 gcupán sméara dubha

½ chupán uisce

¼ sú líomóide

4 chupán siúcra

Dear lipéad le haghaidh próca amháin de shubh sméara dubha. Scríobh síos an méid sméara dubha, uisce, sú líomóide agus siúcra atá i bpróca amháin.

**Déan meastachán.**

An mbeadh níos mó nó níos lú ná cupán amháin sméara dubha i bpróca amháin?

An mbeadh níos mó nó níos lú ná cupán amháin siúcra ann?

Cé mhéad taespúnóg suibhe atá i bpróca amháin, an dóigh leat?

Cé mhéad sméara dubha atá i dtaespúnóg amháin suibhe?

Údair: Lorraine Harbison & Thérèse Dooley
Aistritheoir: Deirdre Ní Chonghaile

Ar ndóigh, tá i bhfad níos mó ná 5 phróca ag teastáil le haghaidh an tseastáin. Cad iad na comhábhair a bheidh ag teastáil le haghaidh 20 próca? 50 próca? 100 próca?

Bailíonn leanaí Mhuintir Mhic Suibhne 20 cupán sméara dubha lá amháin - tabhair buille faoi thuairim cé mhéad próca suibhe is féidir leo a dhéanamh? Tá neart comhábhar eile acu.

Údair: Lorraine Harbison & Thérèse Dooley
Aistritheoir: Deirdre Ní Chonghaile